Oide

Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí

Supporting the Professional Learning of School Leaders and Teachers

# Treoir na Scoile Uile

## do Cheannairí Scoile Sinsearacha

*Beo, Ar Líne, 10r.n. – 12 meán lae 1, 3, 9 Aibreán 2025; Taifeadta, Ar fáil ag: Treoir Oide*

Joanne Parry, Sinéad Duffy agus Marie Cumiskey

Ceannairí Foghlaim Ghairmiúil i dTreoir

CC BY NC

# Forléargas ar an gCeardlann

| | |
|---|---|
| **Seisiún 1** | Réasúnaíocht do chur chuige na scoile uile i leith treorach<br>Treoir éifeachtach agus treoir don scoil uile<br>Príomhdhoiciméid a bhaineann le treoir don scoil uile<br>Pleanáil do threoir na scoile uile i do scoil |
| **Sos Sínte 10 Nóiméad** | |
| **Seisiún 2** | Ról na bpáirtithe leasmhara i dtreoir na scoile uile<br>Cás-staidéir ar threoir na scoile uile i gcleachtas<br>Eiseamláirí de threoir na scoile uile á cur i ngníomh<br>Fís, smaointe agus straitéisí do TSU – fóram plé |

https://tinyurl.com/387bx6s7

# Gníomhaíocht Cur in Aithne

Oide




Dá bhféadfá dul siar san am agus píosa comhairle treorach amháin a thabhairt duit féin agus tú 16 bliana d'aois, cad é a bheadh ann?

Oide

# Faoi dheireadh an tseisiúin beidh tú tar éis...


- tuiscint a fhorbairt ar chur chuige na scoile uile i leith treorach
- iniúchadh a dheanamh ar dhoiciméid ábhartha a bhaineann le Treoir in iar-bhunscoileanna
- cuspóir agus codanna ábhartha phlean treorach na scoile uile a mheas







# Treoir i Scoileanna




'Úsáidfidh scoil na hacmhainní atá ar fáil di....chun a chinntiú go mbeidh rochtain ag scoláirí ar threoir chuí chun cabhrú leo ina roghanna oideachais agus gairme...'

An tAcht Oideachais, 1998, 9c

'Cuimsíonn treoir 'na trí réimse ar leithligh ach idirnasctha d'fhorbairt phearsanta agus shóisialta, treoir oideachais agus gairmthreoir.'

RO, Ciorcláin Foirne, 2024, Aguisín 3

# Treoir Éifeachtach a Shainmhíniú

Tagraíonn Treoir Éifeachtach ‘do réimse eispéiris foghlama a chuirtear ar fáil i seicheamh forbartha, a chuidíonn le scoláirí scileanna féinbhainistíochta a fhorbairt as a dtiocfaidh roghanna agus cinntí éifeachtacha faoina saol’

RO, Nóta Faisnéise 0001/2024



# Cur Chuige na Scoile Uile a Thuiscint



*'Is é atá i gceist leis aghaidh a thabhairt ar riachtanais na bhfoghlaimeoirí, na foirne agus an phobail i gcoitinne, ní hamháin laistigh den churaclam, ach ar fud na scoile uile agus na timpeallachta foghlama. Tugann sé le tuiscint go bhfuil gníomhaíocht chomhchoiteann agus chomhoibríoch i bpobal scoile agus ag pobal scoile chun foghlaim, iompar agus folláine scoláirí, agus na coinníollacha a thacaíonn leo sin, a fheabhsú'.*

An Creat um Anailís /Diagnóis ar Cháilíocht Oideachas Ginearálta (GEQAF) UNESCO

# Cad is treoir scoile uile ann?

'Tagraíonn TSU do chur chuige ar fud na scoile chun tacú le scoláirí lena bhforbairt phearsanta agus shóisialta, oideachasúil agus gairme. Aithníonn sé gur féidir le gach ball d'fhoireann na scoile, lena n-áirítear ceannairí scoile, múinteoirí, leabharlannaithe scoile, séiplínigh agus daoine eile ról tacaíochta a bheith acu’

'Cuireann TSU treoir chuí ar fáil do scoláirí toisc go dtacaíonn sé le cur i bhfeidhm réimse mór agus éagsúil eispéiris foghlama a chuirtear ar fáil i seicheamh forbartha. Cabhraíonn na heispéiris sin, a thosaíonn agus scoláirí ag aistriú go dtí an iar-bhunscoil, cabhraíonn siad leo scileanna féinbhainistíochta a fhorbairt, as a dtiocfaidh roghanna agus cinntí éifeachtacha faoina saol'



RO, Nóta Faisnéise 0001/2024 P2-3.

# Cén chuma atá ar Threoir Éifeachtach na Scoile Uile?

Deiseanna Foghlama do na trí réimse Treorach

Gníomhaíochtaí Treorach i ngach Bliain

Foireann Treorach na Scoile Uile

Leithdháileadh Ama Treoirchomhairleora

Inrochtaineacht an Treoirchomhairleora

Treoir Sheomra Ranga, Ghrúpa agus 1:1

Rannpháirtíocht Phobal na Scoile Uile

Treoir trí Mhodhanna Éagsúla

# Gníomhaíocht: Staidéar ar Dhoiciméad

1. Tógfaidh muid tamall beag anois chun breathnú ar shleachta as cáipéisí Treorach na Scoile Uile
2. Sa chéad sleamhnán eile, déanfaimid an nasc Padlet a ath-roinnt agus nuair a osclóidh tú an Padlet, feicfidh tú go bhfuil gach doiciméad uimhrithe i gcuid 1
3. Nuair a fhéachaimid ar na ceisteanna treorach atá le léamh agat sa chéad sleamhnán eile, iarrfar ort a bheith páirteach i seomra ar an imeall
4. Is in uimhir do sheomra ar an imeall uimhir an doiciméid a bheidh tú a léamh agus a phlé



# Gníomhaíocht: Staidéar ar Dhoiciméad

Cad iad na príomhsmaointe nó príomhspriocanna sa doiciméad seo, agus conas a bhaineann siad le treoir don scoil uile?

Cad iad na róil a mholann an doiciméad do cheannairí?

Cad iad na deiseanna nó na dúshláin a d'fhéadfadh teacht chun cinn agus feidhm á baint as an gcáipéis seo i do scoil?

Cad iad na céimeanna praiticiúla is féidir le do scoil a ghlacadh chun na smaointe ón gcáipéis seo a chur i bhfeidhm?



https://tinyurl.com/387bx6s7

# Pleanáil na Scoile Uile Turas, ní Ceann Scríbe

Oide

I gcur chuige don scoil uile, bíonn ról gníomhach ag gach ball de phobal na scoile (ceannairí scoile, meánbhainistíocht, teagasc agus foireann neamhtheagaisc, foghlaimeoirí, tuismitheoirí agus pobail), agus tuigeann siad a bhfreagracht chomhroinnte

Pleanáil Aonair
Comhoibriú Íosta
Comhairliúchán Íosta

Roinnt Pleanáil Chomhoibríoch
Roinnt Cleachtas don Scoil Uile
Roinnt Comhairliúcháin

Foireann Treorach na Scoile Uile
Gach Roinn
Comhairliúchán Comhoibríoch

# Polasaí Treorach seachas Plean Treorach na Scoile Uile


Oide

Roimhe seo, d'fhorbair scoileanna dhá dhoiciméad: An beartas Treorach a bhí mar chur chuige treorach i gcomhthéacs do scoile agus plean Treorach ar leith inar leagadh amach plean chlár na Roinne Treorach.

Anois, ní fhorbraíonn scoileanna ach cáipéis dhigiteach amháin, plean Treorach na scoile uile, atá ina stór dea-mharcáilte don obair Threorach uile i do scoil.



# Pleanáil Treorach don Scoil Uile



# Plean Treorach na Scoile Uile

Saincheaptha do do scoil, comhchruthaithe leis an bhfoireann, ag léiriú guth an tuismitheora agus an scoláire araon.

Inrochtana do gach ball foirne. Smaoinigh ar ghnéithe stórála agus idirghníomhacha a d'fhéadfadh a bheith ag dul le leagan digiteach.

Doiciméad athmhachnaimh, le hathbhreithniú agus le meastóireacht rialta.

Leagtar amach conas a chomhlíonfar riachtanais na scoláirí trí úsáid a bhaint as samhail an chontanaim thacaíochta - Treoir do chách, Treoir do roinnt agus Treoir do bheagán.

Aithníonn sé réimsí feabhsúcháin agus straitéisí agus gníomhartha chun aghaidh a thabhairt ar na réimsí sin.



Treoir don Scoil Uile

Leideanna Pleanála / rannáin fhéideartha

## Pleanáil le haghaidh Feabhsúcháin

Comhairliúchán chun riachtanais treorach a aithint, comhpháirtithe a dtéitear i gcomhairle leo (scoláirí, tuismitheoirí, baill foirne, daoine eile)
Réimsí treorach reatha le haghaidh forbartha – spriocanna gearrthéarmacha, meántéarmacha agus fadtéarmacha,
DEIS – an chaoi a bhfuil treoir ag cabhrú le spriocanna
Meastóireacht ar Threoir – monatóireacht, athbhreithniú, meastóireacht agus tuairisciú

## Eagar


Foireann Treorach
An Roinn Treorach
Leithdháileadh Treorach

## Saol na hOibre

Idirbhliain / Teastas Sinsearach / GCAT / an Ardteistiméireacht Fheidhmeach
Conas a eagraítear Saol na hOibre
Nósanna imeachta maidir le Tuairisciú ar Shaol na hOibre, dialann, measúnú
Naisc le gnó, tionscal, intéirneachtaí
Cúrsaí micridhintiúr

## Clár Treorach

Pleanáil Churaclaim, Scéimeanna Oibre do Cheachtanna Treorach
Pleanáil Chomhchuraclaim Treorach
Cách, Roinnt, Beagán don tSraith Shóisearach, Idirbhliain, Sraith Shinsearach
Teagasc, Foghlaim, Measúnú – FMS agus DEIS




## Tástáil Shíciméadrach

Measúnú síciméadrach (Pleananna, Dátaí, Trialacha)
Measúnuithe / Bliainghrúpaí (Naisc le Riachtanais Bhreise Oideachais/Béarla mar Dhara Teanga)
Aiseolas / Comhroinnt Sonraí / Stóráil / Oiliúint Tástáil Shíciméadrach

## Tacaíocht scoláirí

Foireann Tacaíochta Scoláirí
Aipeanna Treorach, Taifeadadh Sonraí (teimpléid)
Tacaíochtaí do Thuismitheoirí, Tacaíochtaí Béarla mar Theanga Bhreise (BTB)
Naisc le comhpháirtithe inmheánacha (Riachtanais Bhreise Oideachais, OSPS, Folláine) agus le comhpháirtithe seachtr
(Rochtain)
Cumarsáid Treorach – suíomh gréasáin, aipeanna, X, ardán scoile

## Polasaithe agus Nósanna Imeachta

Beartais – frithbhulaíocht, rúndacht, teagmhas criticiúil, LADTIA+
Nósanna imeachta a bhaineann le treoir (rogha ábhair / athrú leibhéil)
RGCS
Rúndacht / aontú / cinnteoireacht chuidithe

## Cuimsiú

Conas a thacaítear le scoláirí ( Riachtanais Bhreise Oideachais, Neamhord De Chuid Speictream an Uathachais, Treoir atá íogair ó thaobh an chultúir de, Leanaí faoi Chúram, Dídeanaithe/Daoine Easáitithe, An Lucht Siúil, Romaigh, Béarla mar Dhara Teanga, Teanga Chomharthaíochta na hÉireann)
Beartais agus nósanna imeachta a bhaineann le treoir chun cabhrú leis an éagsúlacht agus leis an gcuimsiú LADTIA+

# Pleanáil Treorach don Scoil Uile
# Na Chéad Chéimeanna Eile a Aithint

Go dtí seo, cad iad na smaointe tosaigh atá agat maidir leis na chéad chéimeanna eile i bPleanáil Treorach na Scoile Uile?

Is féidir an leidbhileog a úsáid anseo chun do chuid smaointe, dul chun cinn agus gníomhartha a fhócasú.





Oide

Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí

Supporting the Professional Learning of School Leaders and Teachers

# SÓS SÍN

# 11.00 – 11.10



BY NC

# Faoi dheireadh an tseisiúin beidh tú tar éis...

Oide

- iniúchadh a dheanamh ar róil agus ar fhreagrachtaí na gceannairí scoile, na Roinne Treorach, fhoireann pleanála Treorach na scoile uile, fhoireann na scoile i gcoitinne, agus phobal na scoile maidir le cur chuige don scoil uile a fhorbairt i leith Treorach
- plé a dhéanamh ar chás-staidéir ar threoir na scoile uile á cur i ngníomh
- eiseamláirí praiticiúla a scrúdú agus smaointe a roinnt don dea-chleachtas i dtreoir na scoile uile.





# Treoir don Scoil Uile a Thógáil

*'Tá sé tábhachtach go n-aithníonn agus go gcinntíonn gach ball foirne go mbíonn an Treoir fite fuaite trí gach gné de shaol na scoile agus go bhforbraítear an plean i gcomhar le múinteoirí, scoláirí, tuismitheoirí agus pobal na scoile i gcoitinne.'*

RO, Ciorcláin Foirne 2024, Aguisín 3



# Ról an Bhoird Bhainistíochta



*' Ba chóir don Bhord Bainistíochta maoirseacht a chleachtadh trí athbhreithniú agus nuashonrú a dhéanamh ar an bplean go rialta. Ba chóir do scoileanna breithniú a dhéanamh ar an gcaoi is fearr chun leithdháileadh acmhainní a ailíniú le cuspóirí an phlean trí aird chuí a thabhairt ar alt 9 (c) den Acht Oideachais 1998 ina luaitear 'go n-úsáidfidh scoil na hacmhainní a bhíonn ar fáil di... lena chinntiú go mbeidh rochtain ag scoláirí ar threoir chuí chun cabhrú leo ina roghanna oideachais agus gairme'. Go sonrach, ba chóir don Bhord an plean agus conas a chuirtear acmhainní ar fáil dó a bhreithniú sula nglacfaidh sé leis an bplean agus sula gcuirfidh sé ar fáil é do gach ball foirne, tuismitheoir agus dalta.'*

RO, Ciorcláin Foirne 2024, Aguisín 3

# Ról na gCeannairí Scoile Sinsearacha

| Catagóir na Scoile | Laghdaithe PTR |
|---|---|
| Scéim Saoroideachais – Neamh DEIS 18.4 | 18.4 |
| Scéim Saoroideachais – DEIS 17.65 | 17.65 |
| Táille a Mhuirearú | 18.60 |

*Ba cheart go léireodh an plean cothromaíocht chuí idir an t-am a chuirtear ar fáil do choinní aonair scoláirí, soláthar ceachtanna/modúil Treorach, agus gníomhaíochtaí eile a bhaineann le treoir. Moltar go mbeadh an t-am a chuirtear ar fáil do choinní scoláirí ina sciar leordhóthanach de leithdháileadh foriomlán na n-uaireanta Treorach a theastaíonn don treoirchomhairleoireacht duine le duine atá riachtanach chun freastal ar riachtanais na scoláirí faoin tsamhail Chontanam Tacaíochta.*

RO, Ciorcláin Foirne 2024, Aguisín 3.

# The Role of Senior School Leaders: Guidance Allocation Deployment

Oide

| School Category | Reduced PTR |
| --- | --- |
| Free Education Scheme – Non DEIS | 18.4 |
| Free Education Scheme – DEIS | 17.65 |
| Fee Charging | 18.60 |

*‘The plan should demonstrate an appropriate balance between the time provided for individual student appointments, the provision of Guidance lessons/modules, and other guidance-related activities.*

*It is recommended that the time provided for student appointments should represent a sufficient proportion of the overall allocation of Guidance hours required for the one-to-one guidance counselling necessary to meet the needs of students under the Continuum of Support model.’*

DE, Staffing Circulars 2023, Appendix 3.

# Ról na gCeannairí Scoile Sinsearacha: Leading Whole School Guidance

Oide

Deiseanna a chur chun cinn do gach ball foirne dul i ngleic le Treoir na scoile uile agus í a thuiscint agus rannpháirtíocht a spreagadh i bhfoireann pleanála Treorach don scoil uile.

Cothromaíocht a chinntiú i soláthar treorach agus in imlonnú leithdháileadh Treorach chun go gcuirfí san áireamh ceachtanna Treorach, obair i ngrúpaí beaga agus Treoirchomhairleoireacht duine le duine.

Tabhair am don chomhoibriú idir foireann pleanála Treorach na scoile uile agus foirne curaclaim eile chun tacú le aonaid foghlama treorach a phleanáil.

A chinntiú go gcuireann gach roinn ábhair leis an bplean.

Treoir chuimsitheach agus samhail an chontanaim tacaíochta a chur chun cinn.


Am a thabhairt ag cruinnithe foirne le haghaidh nuashonruithe Treorach.





# Seirbhís Treorach Chothromaithe

Oide

| Leanúntas | + | Cothromaíocht | + | Iomlánaíoch |
|---|---|---|---|---|



# Gníomhaíochtaí a bhaineann le hobair an Treoirchomhairleora


Oide

Naisc le BO & O, IAO agus Comhpháirtithe Seachtracha

Foghlaim Treorach

Atreoruithe Seachtracha

Treoirchomhairleoireacht Aonair / Ghrúpa




Foireann Tacaíochta na Scoláirí

Margadh Saothair / Comhairleoireacht Ghairme

Pleanáil Treorach don Scoil Uile

Tástáil Shíciméadrach

*RO, An Creat um Aitheantas Clár, 2016*

# Ról an Treoirchomhairleora i dTreoir na Scoile Uile



*'Is speisialtóir é an treoirchomhairleoir agus tá ról lárnach agus tábhachtach aige i ndearadh agus i seachadadh an chláir TSU.'*

*'Cuireann an treoirchomhairleoir tacaíocht ar fáil d'fhoireann pleanála treorach na scoile uile agus oibríonn sé i gcomhar leo maidir le pleanáil, ceannaireacht, seachadadh, athbhreithniú agus meastóireacht na seirbhíse/an chláir Threorach agus phlean Treorach na scoile uile.'*

RO, Nóta Faisnéise 0001/2024

# An Fhoireann Pleanála do Threoir na Scoile Uile

Oide

*'Is é is treoir ann gníomhaíocht scoile uile ina ndéanann gach scoil foireann, ina bhfuil ról lárnach ag an treoirchomhairleoir, chun plean Treorach don scoil uile a dhearadh agus a fhorbairt go comhoibríoch mar bhealach chun tacú le riachtanais gach dalta.'*

RO, Ciorcláin Foirne 2024, Aguisín 3




# Foireann Pleanála do Threoir na Scoile Uile a Bhunú

Tógann sé ar an gceannaireacht

Forbraíonn, athbhreithníonn, déanann siad meastóireacht ar Phlean

TCnna agus Ceannaire Sinsearach Scoile

Deiseanna treorach a cheapadh ar fud na scoile uile
Go hiondúil áirítear



Freagracht chomhroinnte as TSU

Ballraíocht foirne saincheaptha do scoil aonair

Roinntear saineolas

# Ról na Foirne Pleanála do Threoir na Scoile Uile



Comhoibriú chun plean Treorach na scoile uile a dhearadh.

Maoirseacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm an phlean.

Deiseanna a lorg chun a chinntiú go mbíonn Treoir fite fuaite trí gach gné de shaol na scoile.


Spriocanna agus gníomhartha feabhsúcháin a shocrú.

Monatóireacht agus athbhreithniú a dhéanamh ar an bplean.

# Faisnéis a Bhailiú ar Chleachtas Reatha


Oide






| Existing Initiatives contributing to Guidance | All | Some | Few | Who leads out on this initiative? |
|---|---|---|---|---|
| Incoming First Years | ☐ | ☐ | ☐ | |
| | ☐ | ☐ | ☐ | |
| | ☐ | ☐ | ☐ | |
| | ☐ | ☐ | ☐ | |
| | ☐ | ☐ | ☐ | |
| First Year Students | ☐ | ☐ | ☐ | |
| | ☐ | ☐ | ☐ | |
| | ☐ | ☐ | ☐ | |
| | ☐ | ☐ | ☐ | |
| | ☐ | ☐ | ☐ | |



# Ról na Ranna Ábhair agus Fhoireann na Scoile Uile

Oide

Tá ról ag gach duine inár bpobal scoile i dTreoir na scoile uile.



An bhfuil ról ag múinteoirí i dtreoir ghairme agus oideachais a bhaineann lena n-ábhar?

An bhfuil gníomhartha treorach i bpleananna na ranna ábhair?

An bhfuil imeachtaí ar fud na scoile atá bainteach le Treoir?

An bhfuil tionscnaimh nó imeachtaí scoile ann a bhfuil gné threorach iontu?

Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí

Supporting the Professional Learning of School Leaders and Teachers

Oide

# Gníomhaíocht: Cás-Staidéar

1. Tógfaidh sé tamall orainn anois breathnú ar chás-staidéir fhicseanúla i gcleachtas treorach na scoile uile
2. Sa chéad sleamhnán eile, déanfaimid an nasc Padlet a athroinnt agus nuair a osclóidh tú an Padlet, feicfidh tú go bhfuil gach cás-staidéar uimhrithe i gcuid 2
3. Nuair a fhéachaimid ar na ceisteanna treorach atá le léamh agat sa chéad sleamhnán eile, iarrfar ort a bheith páirteach i seomra ar an imeall
4. Is í uimhir do sheomra ar an imeall uimhir an doiciméid a bheidh tú a léamh agus a phlé



# Gníomhaíocht: Cás-Staidéir

Cad iad na céimeanna is féidir le ceannaire na scoile a ghlacadh chun plean cuimsitheach Treorach don Scoil Uile a thógáil agus a chothú a mheallann pobal uile na scoile (scoláirí, baill foirne agus tuismitheoirí)?

Cad iad na gníomhartha ceannaireachta sonracha a chinntíonn go bhfuil Treoir na Scoile Uile leabaithe go hiomlán ar fud na ranna go léir agus nach mbreathnaítear orthu mar fhreagracht aonair an treoirchomhairleora?

Conas is féidir le ceannaire na scoile an úsáid a bhaintear as leithdháileadh treorach do scoile a bharrfheabhsú chun cothromaíocht éifeachtach a bhaint amach idir seisiúin duine le duine, treoir ghrúpa agus foghlaim rangbhunaithe?




https://tinyurl.com/387bx6s7

# Fís, Smaointe agus Straitéisí do Threoir na Scoile Uile

Oide

Cad iad na smaointe, straitéisí nó samplaí de dhea-chleachtas is féidir leat a roinnt a spreagfadh, a chruthódh nó a neartódh cleachtas treorach na scoile uile i scoileanna?



https://tinyurl.com/387bx6s7

# Comhairliúchán Náisiúnta na Roinne Oideachais agus Scileanna ar Threoir Iar-bhunscoile

Oide

Is mian leis an Roinn Oideachais cuireadh a thabhairt do gach páirtí leasmhar páirt a ghlacadh i gcomhairliúchán ar threoir iar-bhunscoile.

Cuirfidh an comhairliúchán seo bonn eolais faoi fhorbairt beartais ar threoir don scoil uile, lena n-áirítear ról an treoirchomhairleora, sa ghearrthéarma agus sa mheántéarma agus cuirtear fáilte mhór roimh do rannpháirtíocht agus is rud tábhachtach é.

Fanfaidh an comhairliúchán ar oscailt go dtí
**5 i.n. ar an 09 Aibreán 2025**

https://tinyurl.com/5bvpxfcn

# Tacaíochtaí Breise

Oide




**Primary and Post-Primary In-School Support**

Apply/Book Here

Lean muid ar X: @Oide_Guidance

# Meastóireacht

Oide Junior and Senior Cycle Registration
https://registration.oide.ie/feedback

https://registration.oide.ie/feedback

# Tagairtí


**An Roinn Oideachais, 2024. Imlitir 0008/2025: Ciorclán Foirne Iar-bhunscoile. Rialtas na hÉireann. Ar fáil ag:** https://assets.gov.ie/268022/3c0f970f-a051-4cbb-87e3-77ddf290a7e7.pdf

**An Roinn Oideachais, 2024. Nóta Faisnéise TC 0001/2024: Treoir don Scoil Uile. Rialtas na hÉireann. Ar fáil ag:**: https://assets.gov.ie/24725/07cc07626f6a426eb6eab4c523fb2ee2.pdf

**An Roinn Oideachais, 2023. Nóta Faisnéise TC 0008/2023: Treoirchomhairleoireacht Shóisialta agus Phearsanta. Rialtas na hÉireann. Ar fáil ag:**: https://www.gov.ie/en/publication/5891b-information-note-for-schools-in-relation-to-personal-and-social-guidance-counselling

**An Roinn Oideachais, 2023. Nóta Faisnéise 0009/2023: Treoir don tSraith Shóisearach. Rialtas na hÉireann. Ar fáil ag:** https://www.gov.ie/en/circular/cb454-arrangements-for-the-implementation-of-the-framework-for-junior-cycle-with-particular-reference-to-the-school-year-20232024/

**An Roinn Oideachais, 2025. Imlitir 0001/2025: Treoir in Iar-bhunscoileanna. Rialtas na hÉireann. Ar fáil ag:** https://www.gov.ie/en/publication/02452-guidance-in-schools/

Oide

Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí

Supporting the Professional Learning of School Leaders and Teachers

# Go raibh maith agat as do rannpháirtíocht

- Suíomh gréasáin: https://oide.ie/postprimary/home/
- Ríomhphost: joanne.parry@oide.ie sinead.duffy@oide.ie marie.cumiskey@oide.ie

CC BY NC